Cloiċeannaola

Tá mí-ṡásaṁ ag méadú i gceantar Ṁaċaire Raḃartaiġ, naċ ḃfuil rud ar biṫ dá ḋéanaṁ le cosc a ċur le ídiú an ċósta ag an ḟarraige. Is iomaḋ acra fairsing a cailleaḋ, i gceantar Ġort a' Ċoirce, Ard Mór agus Cill Ult, le cúpla bliain anuas, agus cé gur tugaḋ gealltúint anuraiḋ, go ḃféaċfaí isteaċ ann, tá an geiṁreaḋ ann arís, agus stoirmeaċa agus an ḟarraige tógṫa ,agus gan coṁarṫa ar biṫ, ar tús oibre, fá ċoinne an cósta a ċosaint.

Ins na bailte fearann, Ḃealtaine agus Caiseal agus Sruṫán, agus ṫart ó sin go Fálċarraċ tá mí-ṡásaṁ ar leiṫ fá ḋtaoḃ de ġnóṫaí uisce. Ḃíoṫar cinnte go mbeaḋ an t-uisce ann an geiṁreaḋ seo, nó ar a laġaḋ, an samraḋ seo ċugainn, nuair a tiocfaḋ na cuairteoirí ċuig an áit, aċ do réir cosúlaċt ar rudaí an -ois, níl aon ċuma air go mbeiḋ. Muna mbíonn tús iontaċ gasta air san ḃliain úr, is cosúil go mbeiḋ samraḋ eile ann, agus na tiṫe lóistín i muinín an uisce a iompraíonn siad óna tobair.

Cúis brón insan ṗaráiste an scéala as na Stáit Aontaiṫe gur éag Ḃean de Ḃláca as Caol Drom, a d'ḟág an paráiste le dul go Meiriceá tamall maiṫ ó ṡin. Ba deirfiúr í do Ṁáire Ḃean Uí Ċriomṫain, Caol Droma (naċ maireann).

Cúis mór bróin san ṗaráiste agus ṫart timpeall, bás Miċeál 'Ac Cuṁaill, Cill Ult, Uaċtar, in aois a ceiṫre-scór bliana. Ḟear ciúin socair, a raiḃ ard ṁeas air ab' ea é. Ḃí sé ag obair leis nuair a ṫáinig an taom air, a ba ċúis lena ṫinneas ḋeireannaċ. Deirfiúr do isea an tSiúir Roca, Cloċar Loretto, a ċaiṫ tamall fada i mḂaile Ċonaill, agus atá anois i mBaile Áṫa Cliaṫ, agus mac deartár do, an tAṫair Mac Cuṁaill, Ord Carmeliteaċ, Ḃaile Áṫa Cliaṫ, a léiġ Aifreann na Marḃ ar a son, roiṁ an tórraṁ go dtí reilig Ġort a' Ċoirce, Dé Saṫairn. Ḃí tórraṁ iontaċ mór leis.

Den ċéad uair le corraḋ agus ceiṫre seaċtainí, ṫáinig bád amaċ as Toraí Dé hAoine seo caite. Ḃí moll mór earraí agus litreaċa don oileán, carnaiṫe suas ag Maċaire Raḃartaiġ. Go díreaċ nuair a ḃí na beartanna agus litreaċa ar bord, agus earraí a ḃí i ḋíṫ, ṫáinig coṁarṫaí stoirme arís, agus b'éigin dóiḃ rás iontaċ gasta a taḃairt arais go Toraí.

Ḃí aonaċ iontaċ beag i nGort a'Ċoirce an ṁí seo, aċ ḃí praġasanna maiṫe le fáil ar an beagán a ḃí ar tairiscint.

Is deas mar tá Fálċarraċ ag dul ċun cinn i gcónaí, agus ḃí a ṡlioċt orṫa le linn na Nollag. Ḃí an baile maisiṫe go hálainn, agus ḃí an Crann Nollag lena ċuid soilse glé geala, go h-an tarrantaċ ar fad. Ḃí na siopaí uilig ar an ḃaile maisiṫe go breá agus iad gléal le solus. Agus ḃí aċan ċineál ab' ḟearr ná ċéile do feiríní Nollag le fáil ionnta. Deir luċt na siopaí go raiḃ séasúr measarṫa maiṫ acu don Nollaig, agus gur dearnaḋ cuid ṁaiṫ ceannaíoċta.

Ar nDóiġe, airgead na hAlban agus na Sasana, agus Meiriceá, is mó a ba ċúis leis an ċeannaíoċt.

Ḃí Gort a' Ċoirce maisiṫe go h-álainn fosta, agus cuma an tarrantaċ ar na tiṫe ósta ansin.

Ḃí cuid ṁór ar fad de ḋaoine a ṫáinig na ḃaile don Nollaig. Cé go ḃfuil cuid de na daoine a raiḃ muid cleaċtaí leo ag scaraḋ leis an tsean ḃaile nuair atá siad féin socraí síos taoḃ ṫall den uisce. Ḃí na tiṫe pobail i nGort a' Ċoirce agus Fálċarraċ líonta lán ag Aifreann Meán Oíċe, agus ag Aifreann Lae Nollag.

Ábar bróin san áit, scéala báis Ḃearnaí Ṁic Aoḋa, Glasarcú, taréis tinneas gearr. Ḃí aois mór aige, agus ḃí sé i gcónaí ag obair go crua ar feaḋ a ṡaoil. Níṫear coṁbrón lena ṫeaġlaċ. Ċuaiġ tórraṁ mór leis go dtí reilig Naoṁ Muire, Gort a' Ċoirce, an áit ar ḋúirt an tAṫair Ó Breisleáin, S.C., na páidreaċa ag an uaiġ.

Ḃí cúpla scéim beag oibre in-san ṗaráiste ins na seaċtain roiṁ Nollaig, agus rinn sé an saol rud beag níos éasca agus níos boige do roinnt daoine boċta a ḃí fágṫa gan obair anseo. Aċ, is mór an trua naċ mbeaḋ níos mó oibre le fáil, insan dóiġ naċ mbeaḋ daoine ag braṫ ar na cúpla lá, nó seaċtain nó ḋó a ġeoḃaiḋ siad ar na bealtaí móra le suailce na Nollag a taḃairt dióḃa féin agus dá gclann.

Ḃí fearṫain iontaċ trom roiṁ Nollaig, agus seaċtain roiṁ Nollaig ḃí tuillteaċa i gcuid ṁaiṫ áiteaċa frío an ṗaráiste, agus an ḟarraige tógṫa go maiṫ.

Anois go ḃfuil an tseasúr beannaiṫe ṫart, tá Coiste Glór na nGael breá sásta leis an dóiġ ar éiriġ leis na cártaí Nollag a ċuir siad ar fáil i mbliana agus tá siad ag braṫ dul ar agaiḋ agus tuilleaḋ cártaí a ċur ar fáil don ḃliain seo ċugainn. ss maiṫ an dóiġe seo leis an Gaeltaċt agus áilneaċtaí na Gaeltaċta a ċur ós coṁair an ṗobail, agus b'féidir tuilleaḋ turasóirí a ṫarraingt na h-áite amaċ anseo.

Fuair Donnċa Ó Curráin, as Sruṫán, litir ón Aire Rialtas Áitiúla, an tUasal Niall Ó Bléine ,a' rá gur ṫug an tAire údarás fá ċoinne scéim uisce do Ċaiseal agus Sruṫán, agus go ḃfuil sé anois ag braṫ ar Coṁairle Condae Ḋún na nGall leis nal gnóṫaí a ċur ċun cinn. Tá éileaṁ mór san ċeantar fá ċoinne na scéimeanna uisce seo, ⁊ táṫar ag súil naċ gcoinneóiḋ Coṁairle Co. Ḋún na nGall suas mórán níos fuide é.

Coṁġáirdeaċas le Pól Ó Ceallaiġ, Gort a' Ċoirce, atá taréis áit a ḟáil ar foireann Ċúige Ulaḋ do Ċomórtas Corn an Iarannróid san ṗeil, agus ċoṁ maiṫ leis sin, atá taréis áit a fáil ar an Combined Universities Team, a ḃéas ag imirt i gcoinniḃ an ċuid eile d'Éirinn amaċ anseo. Ḃí sé ag duine de na peileadóirí is fearr ar foireann Ċoláiste Iolscoile Ḃaile Áṫa Cliaṫ.

Rataí - Ṫiar agus Ṫoir

Sompla maiṫ den dóiġe éagóraċ a oiḃríonn córas rátaí na tíre seo a leanas: Má ġlacann muid duine a ḃfuil teaċ beag aige ⁊ píosa beag talaiṁ, abair luaċáil de £2 ar an teaċ, agus £5 ar an talaṁ, seo leanas na rátaí a ḃéas le h-íoc aige ins na ceiṫre condaeṫa Gaeltaċta ⁊ i gCondae na Miḋe taréis na ndeontaisí talaiṁ uilig a ḃeiṫ bainte as:

Dún na nGall	£9-13-7
Gaillimh	£10.4-10
Ciarraí	£9-19-8
Muigeo	£10-7-1

Agus i gCo. na Miḋe, ní ḃeiḋ le h-íoc ag an ḃfear céanna aċ £4-14-8.

Siad na ceiṫre condaeṫa Gaeltaċta, na condaeṫa is airde ar fad, a mbeiḋ rátaí le h-íoc ag a leiṫéid de ḋuine. I ḃfad níos mó ná ḋá oiread, agus a ḃeaḋ le h-íoc ag an duine céanna i gCo. na Miḋe, aċ ċoṁ maiṫ leis sin, ní ḃeaḋ na seirḃísí céanna tíṫíoċta ,uisce, séaraċas, sláinte nó eile, gan tráċt ar bóiṫre ċor ar biṫ, agus ospidéil, le fáil ag an duine boċt ins na ceantair Gaeltaċta agus atá le fáil i gCo. na Miḋe, mar ṡompla.

Corca Duiḃne

Ní raiḃ le cuiṁne na ndaoine báisteaċ ċoṁ trom agus a ḃí insan gceantar seo an ṁí seo caite. Is gnáċ rud, le seaċtain nó ḋó anuas, tuillteaċa a ḟeiscint ag éirí san áit naċ raiḃ tuillte le cuiṁne na ndaoine. Ní ionaḋ ar biṫ, an scéala a ṫáinig as Tráiġlí, tá cúpla lá ó ṡin, go raiḃ beagnaċ seaċt n-órlaí de ḃáisteaċ, sa ṁí seo caite, an ḃáisteaċ is troime le 30 bliain. Tá an talaṁ ṫart timpeall ċoṁ fliuċ, agus naċ féidir aon treaḃaḋ a ḋéanaṁ fós, agus ní féidir go dtí go mbíonn na tuillteaċa imiṫe, agus an talaṁ triomaiṫe arís.

Tá slua mór ag freastal ar na ranganna feirmeoireaċta atá ar siúl insan Daingean. Miċeál Ó Caṫain, B.Agr.Sc. atá i mbun na gcúrsaí.

Pósaḋ lánúin as an nGaeltaċt trí seaċtain ó ṡin, Seán Ó Sé, as Fionntrá, agus Caitlín Gaynor, as Baile Ṫaiḋg, ar an 28ú lá de ṁí na Samna, aċ, ní sa mbaile sa nGaeltaċt a pósaḋ iad, aċ i Séipéal Naoṁ Éamonn, Nottingham. Eiḃlín Gaynor, deirfiúr, Máire Ní Loinsiġ, iníon deirfiúr agus Christine Ní Aoḋa a ḃí ag freastal ar an ḃríḋeoig, ⁊ Pádraic Ó Sé, dearṫár an ḟir, a ṡeas leis. A ḋearṫár céile, Séamas Mac Samráin, a ṫug an ḃríḋeóig le pósaḋ. Ċuaiġ Ḃean Uí Ṡé, máṫair an ḟir, treasna go speisialta le ḃeiṫ ag an ḃainis. Agus saoire a ċaiṫeaṁ lena teaġlaċ i Londain agus Nottingham.

Cúis bróin sa gceantar bás Máiréad Ní Knightly, Fionntrá, an tseaċtain seo caite. Ċuaiġ an soċraid go dtí reilig Fionntrá.

Daingin

Ag an ċruinniú cinnbliana do ċraoḃ Daingean do Ṁaċra na Feirme, toġaḋ na h-oifigí seo do 1965: Uaċtarán, An tAṫair S. S. Ó Súilleaḃáin, S.O., An Daingean: leas-uaċtaráin, Pádraic Ó Loinsiġ, Teagascóir Eolaíoċt Tuaiṫe, Breandán Ó Foglú, Miċeál Ó Caṫain, B.Agr.Sc., Séamas Ó Caoiṁ, M.P.S.I.; caṫaoirleaċ, Miċeál Ó Criomṫain; leas-ċaṫaoirleaċ, Pádraic Ó Fearġaill; rúnaí, Pádraic de Brúm; cisteoir, Dónall Ó Sé.

Coṁġáirdeaċas le Pádraic Ġ. Ruiséal ar na ċeapaḋ mar stiúrṫóir agus bainisteoir ginearálta den Marine Acuairim, ag Cape Cod, Massachusetts. As Éanaċ Scáil, an tUasal Ruiséal, agus fuair sé a ċuid oideaċais ag Scoil na mBráṫar, An Daingean. Taréis dul go dtí na Stáit, fuair sé céimeanna in innealltóireaċt agus bainistíoċt, ag cúpla iolscoil.

Tá mí-ṡásaṁ san Daingean nár caiṫeaḋ dóṫain den deontas do ḋaoine gan obair insan Daingean. Dá mbeaḋ Coṁairle Baile ag an Daingean, ġeoḃaidís an deontas dóiḃ féin. Fé láṫair tá siad ag braṫ ar an gCoṁairle Condae cuid de ḋeontas an Ċoṁairle Condae a ċaiṫeaṁ i gceantar an Daingin. Ní meastar gur caiṫeaḋ dóṫain de sin i mbliana, le obair a taḃairt do na daoine a ḃí as obair roiṁ Nollaig.

Ḃí díol mór ar cártaí Nollag, a raiḃ pictiúirí de raḃarcanna as Ciarraí Ṫiar, agus Corca Duiḃne, orṫa, ar díol san Daingean, agus ar fuid na comarsanaċta.

Cé go raiḃ gaoṫ ṁór agus gálaí ana ċuid báistí an tseaċtain roiṁ Nollaig, ní raiḃ tuillteaċa insan ċeantar seo, mar ḃí in áiteaċa eile ar fud na tíre.

Gleann Colmcille

Tá craoḃ de Ḃantraċ na Tuaiṫe curṫa ar bun i nGleann Colmcille. Ṫug Nóra Ní Ċloċartaiġ, Timṫire, Ḃantraċt na Tuaiṫe, as Carna, Gaeltaċt na Gaillliṁe, cuairt ar an ṗaráiste, agus taréis roinnt timṫireaċta, tugaḋ cruinniú le ċéile, agus cinneaḋ ar ċraoḃ den Ḃantraċt a ċur ar bun. Toġaḋ na hOifigí seo ag an ċéad ċruinniú: Uaċtarán— Máire C. Ní Ċoileáin, O.S., Caiseal; leas-uaċtarán, Cití Ḃean Uí Foglú, Gaineaṁ; rúnaí, Máire Ḃean Uí Ċuinneagáin, Caiseal; cisteoir, Bríd Ḃean Ṁic Seáin, Caiseal. Coiste — Bernadette Nic Ḟionnlaoiċ, Málainn Ḃeag; Máire Ḃean Uí Ġearḋa, Málainn Ṁór; Úna Bn. Ṁic Loċlainn, Gort Luan; agus Caitlín Ní Ḟionartaiġ, S.R.N., Caiseal.

An tseaċtain seo caite, ḃí an stoirm is measa le cuiṁne na ndaoine, ṫart insan taoḃ ṫeas do Ḋún na nGall. Ḃí an ḟearṫain a ba troime le fada an lá agus stoirm gaoiṫe móire dá ṡiabaḋ isteaċ. Ḃí tuillteaċa ann ar feaḋ trí lá, agus tá cuid de na tuillteaċa nár ísliġ i gceart go fóill.

Ḃí tearmanas an spéisiúil sol-únta i Seipéal Naoṁ Columba, Caiseal, Gleann Colmcille, ar Féile na Geineaṁan Naofa gan Smál, nuair a glacaḋ le oċtar cailíní óga ó'n ċeantar isteaċ i Sodality Clann Ṁuire. An tAṫair S. Mac Duiḃir, S.O., a ḃí i mbun an tearmanais, agus rinn sé ċoṁġáirdeaċas leis an Sodality ar ċoṁ maiṫ agus a ḃí siad ag dul ċun cinn insan ċeantar.

Gaoṫ Ḃearra

Cuireaḋ suim ṁór anseo san molaḋ a ḃí ag Coṁairle Ċondae Ḋún na nGall, tá seaċtain ó ṡin, go gcuirfí innealltóir cúnta ag obiar óna ceantair, fé mar a ḃí roiṁe seo (nuair a ḃí Ó Ciarnaiġ ina innealtóir ansin). É. Ó Baoill a ṁol é seo. Ní raiḃ an tInnealltóir Condae, an tUasal Ó Conaill, ina leiṫ, mar sin féin, agus dúirt sé gur h-íslíoḋ ó 10 go dtí 8 an uiṁir ceantair bóiṫre insan ċondae, nuair a scaraḋ obair na dtiṫe oibriṫe agus obair coiriúċán, ⁊ obair instidiúidí, ó obair innealltóirí na mbealtaí móra. Ag leanúint, dúirt sé go raiḃ deontas £238.000 do ḃoiṫre condae, aċ naċ raiḃ ansin aċ £4,000 níos mó ná fuarṫas in 1959. Ḃí £211,000 fá ċoinne príoṁ-ḃealtaí, ar a raiḃ sé ag cuntas £55,000 do ḃealtaí turasóireaċta, agus £35.000 do mór-ḃealtaí. Ḃí aṫrú mór insan mod déanta bealtaí ó 1955, agus ḃíoṫar ag baint úsáid as deiċ n-oiread innealtra, rud a ḃí ag fágáil níos lú feiḋm le oibriṫe. Dúirt sé naċ raiḃ oiread oibre le fáil ṫart fá na Gleanntaí anois, ar an ábar go raiḃ na príoṁ bealtaí uilig ansin taráilte ⁊ cóiriṫe i gceart. Dúirt Seán Ó Cinnéide naċ raiḃ sé sásta leis an tuarascáil agus naċ raiḃ sé sásta go dtug na h-aṫraiṫe seirḃísí níos éifeaċtaí dióḃa. Ḃí sé in éadan ceantar níos mó a taḃairt do na h-innealltóirí, ⁊ ṁol sé go gcuirfí an tuarascáil siar go dtí an Genera Purposes Committee. Ċaḃraiġ D. Ó Baoill leis an ṁolaḋ, agus ċaḃraiġ Séamas Mac Ruaiḋrí leis fosta, agus glacaḋ leis.

Ailt an Ċorráin

Ní raiḃ le fada an lá séasúr ċoṁ h-olc do na scadáin. Is beagnaċ ceiṫre seaċtainí, tá caḃlaċ iascaireaċta Ailt an Ċorráin, agus a gcuid báḋaí ina luí ag an ċéiḃ, ar ḟascaḋ, agus gan iad ábalta dul amaċ ag iascaireaċt de ṫairḃe an droċ aimsir. Sé an eagla is mó atá orṫa anois, go mbeiḋ na scadáin ar ṡiúl arís sula mbíonn an ḟarraige ciúin go leor, le gur féidir leis na báḋaí dul dá dtóraíoċt. Agus ní ar luċt na mbáḋaí aṁáin atá an díomá, ná tá ḋá ṁonarcain nua in Ailt an Ċorráin, agus iad réiḋ le próiséisiú a ḋéanaṁ ar na scadáin, gléasraí agus salann ceannaiṫe acu, agus na h-ordaiṫe réiḋ acu. Ordaiṫe le oiread agus is féidir leo de scadáin a ċur go dtí na Stáit Aontaiṫe, agus tíorṫa lár na hEoraipe. Agus tá na monarcain ansin, agus a gcuid oiḃriṫe réiḋ, agus níl siad ábalta na h-ordaiṫe a ċoṁlíonaḋ ar an ábar naċ tig leis na tráiléirí dul amaċ fá ċoinne na scadáin. Is trua, gan aṁras, droċ ḋóiġ na h-iascairí.

Dairbre

Ḃí cluiċe an ṁaiṫ ag Dairbre, i dTráiġlí, Dé Doṁnaiġ seo caite agus ní raiḃ sé cinnte cé acu slí a raiḃ an cluiċe ag dul, go dtí na nóiméidí deireannaċ, nuair a rinne Dairbre deiṁin de, go raċfaḋ siad isteaċ i gcluiċe ceannais Ċiarraí.

Le scór 0-8 go dtí 0-5 a ċinntí Oileán Dairbre go mbeaḋ siad istiġ in cluiċe ceannais do peil Ċiarraí. Aineoin go raiḃ an lá go dona ar fad, ba ṁór an creidiúint do na fóirne an caiġdeán árd-ṗeil a ḃí ann. Miċeál Ó Conaill, an fear ba ṁó a rinn éaċtaí ar son Dairbre, agus ba é a ṫug spreagaḋ do na h-imireoirí eile leanúint go dtí gur ċuir siad luċt an oileáin isteaċ insan ċraoḃ cluiċe. Ba iontaċ ar fad, an saor-ċic a ḃuail sé ó 55 slat amaċ, nuair a ḃuail an liaṫróid ar ḃarr an treasnáin, ⁊ ċuaiġ treasna, agus ba é an pointe seo a ċuir Dairbre ar an slí ċun bua ar tús.

Taréis bliain a ċaiṫeaṁ ar saoire ina ṗaráiste ḋúċais, tá an tAṫair Pádraig Ó Réide taréis filleaḋ ar na Misiúin ins na Philipines. Ar an Doṁnaċ sul ar imiġ sé ṫug an Sagart Paróiste, an tAṫair Ó Béaslaí, S.P., molaḋ ar leiṫ don Aṫair Ó Réide, agus ṫug sé buíoċas dó as an méid a ḋein sé don paráiste ó ṫáinig sé na ḃaile. D'ḟág an tAṫair Ó Réide slán ag luċt an oileáin, agus d'iarr sé orṫa caḃrú leis lena bpaidreaċa, ⁊ é ag obair ar na Misiúin. Peileadóir an ṁaiṫ ab ea é le Ciarraí Ṫeas, le linn a óige.

Uiḃ Raṫaċ

Tá muinntir Uiḃ Ráṫaċ éiriṫe as na turcaiṫe beagnaċ ar fad, agus is mór atá sin le feiscint ar cúrsaí roiṁ-Nollaig anseo, nó ba ġnáċ go mbeaḋ cuid ṁaiṫ airgid le caiṫeaṁ ag na mná tí taréis na turcaiṫe a díol. Ní raiḃ aċ roinnt ḃeag turcaiṫe san ċeantar faoi láṫair, agus ḃí an ċuid is mó acu in áiriṫe fá ċoinne daoine as an ċeantar.

Tá mí-ṡásaṁ i gCaṫair Saiḃín agus sa gcoṁarsanaċt, naċ ḃfuil scéimeanna oiḃreaċais ar biṫ de ċuid na Nollag ann. Agus ḃí muinntir an ḃaile ar súil go gcóireófaí an cásan coise ó Crois an Ċaṫaoir go dtí an Sráid Nua, áit a ḃfuil baol mór do luċt siúil.

Ḃí daoine in Uiḃ Raṫaċ, i gceantar Caṫair Sáiḃín, cinnte go raiḃ róicéid ag teaċt anuas, sa gceantar Dé Doṁnaiġ seo caite, nuair a ċonaic siad gléas eitilte, timpeall 20 troiġ ar ḟad, agus é uil-ṫaoḃaċ, do réir ċosúlaċta, agus roball fada ag síneaḋ amaċ ar a ċúl, ós cionn an ḃaile, agus an ċoṁarsanaċt, Dé Doṁnaiġ. Aċ ní raiḃ ann aċ Kite, a rinne cuairteoir as Sasainn ,agus a ċuir sé suas mar ábar spóirt do óġánaí an ḃaile.